



## Preasráiteas ComReg 15 Meitheamh 2023

# Phríomhthuarisc Ráithiúil Sonraí ar an Margadh Cumarsáide Leictreonaí (R1 2023)

Inniu, d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a Phríomhthuarascáil Ráithiúil Sonraí ar an margadh cumarsáide leictreonaí don tréimhse (1 Eanáir go dtí 31 Márta), R1 2023.

Mhéadaigh línte síntiúsóirí leathanbhanda seasta go 1.62 milliún, méadú 0.4% an ráithe seo agus méadú 1.9% i gcomparáid le R1 2022. Astu seo, bhí os cionn 537k ina gcábalaí snáthoptaice go háitreabh (FTTP) arb ionann iad agus 33.2% de na línte síntiúsóirí leathanbhanda seasta iomlána i Ráithe 1 2023, suas ó 25.2% i Ráithe 1 2022. Den chéad uair riamh, is é FTTP an teicneolaíocht leathanbhanda is coitianta a cheannaítear in Éirinn.

Ar bhonn míosúil d'úsáid meánlíne síntiúsóirí leathanbhanda cónaithe sheasta 401.1 GB de shonraí, méadú 9.4% ó R1 2022.

I R1 2023, bhí leathanbhanda ceannaithe ag thart ar 59.1% de línte síntiúsóirí leathanbhanda le luasanna cothrom le nó níos mó ná 100Mbps, le 34.2% de na línte síntiúsóirí leathanbhanda seasta go léir le luasanna leathanbhanda ceannaithe cothrom le nó níos mó ná 500Mbps. As na línte síntiúsóirí 537k FTTP, dhíol 74.5% luasanna atá cothrom le nó níos mó ná 500 Mbps.

Tháinig laghdú 2.2% ar nóiméad iomlán guththráchta an ráithe seo, agus iad 6.7% níos ísle ná i R1 2022. Is ionann nóiméid ghutháin agus tromlach na nóiméad gutha ag 89.5%, agus is ionann nóiméid fhosaithe agus an 10.5% eile.

Ar bhonn míosúil d'úsáid gnáthshínitheoir gutha gutháin 185 nóiméad (laghdú bliantúil 9.3%), sheol sé 36 téacs (laghdú bliantúil 10%) agus d'úsáid sé 15.7GB sonraí (méadú bliantúil 18.6%). Méadaigh líon iomlán na síntiús gutháin (lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach agus meaisín go meaisín (M2M)) go 9 milliún i R1 2023 - á stiúradh ag méadú ar shíntiús iar-cheannaithe arb ionann é anois agus 73% de na síntiús gutháin go léir. Chuidigh méaduithe ar shíntiús M2M & MBB freisin. Sháraigh síntiúsóirí 5G 1 milliún i R1 san iomlán 1.12m. Méadaigh síntiús M2M go 3 milliún, méadú bliantúil 30% agus b'ionann é sin agus 33.7% de na síntiús gutháin go léir i R1 2023.

Tá an Phríomhthuarascáil Ráithiúil Sonraí do R1 2023 ar fáil ar shuíomh gréasáin ComReg [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications). Tá an tairseach sonraí ina bhfuil an tacar iomlán sonraí agus na cairteacha gaolmhara ar fáil ar <https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/data-portal/>

**CRÍOCH**

**Eisithe ag**

**Tom Butler Bainisteoir  
Gnóthaí Poiblí, ComReg**

**Teil: 01 8049639**

**Fón Póca: 087 2536358**

**[tom.butler@comreg.ie](mailto:tom.butler@comreg.ie)**